

[09\\_02a.wmv](#)

**Bileog 9.2a**

**Foinse:** TG4

**Clár:** Nuacht TG4

**Dáta:** 23 Márta 2009

**Intreoir:** Tuairisc faoin t-aon réamhscoil amháin sa tír, atá i mBaile Átha Cliath.

**Eimear Ní Chonaola**

Fáilte ar ais go dtí an dara leath de Nuacht TG4. Níl ach réamhscoil amháin sa tír a ghlacann le páistí idir trí agus cúig bliana d'aois faoi stiúir na Roinne Oideachais. Tá an t-aonad réamhscoile seo lonnaithe i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Tugtar cúnaimh do pháistí na scoile seo dul i ngleic le fadhbanna foghlama agus sóisialta a bhíonn acu ag aois an-óg. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.

**Irene Ní Nualláin**

Tá nócha sé gasúr ag freastal ar an aonad réamhscoile nó an *Rutland Street Project* mar a tugadh air, ar Shráid Ghairdinéir sa gcathair, agus tá oiread éilimh ar an scoil go bhfuil liosta feithimh de thríocha gasúr acu faoi láthair. Chomh maith le páistí ón gceantar glacann an scoil le gasúir atá curtha ar aghaidh acu ó Ospidéal an *Mater* agus ó *Temple Street*.

**Sorcha Leech, An tAonad Réamhscoile**

Níl ana-chuid cainte acu agus is an chéad áit shóisialta (*áit sóisialta* a deirtear) d'an-chuid díobh. Is féidir fadhbanna a aithint nuair atá siad chomh hóg (*óg* a deirtear) sin. Fadhbanna iompair agus fadhbanna foghlama, *so* nuair a théann siad isteach sa bhunscoil (*bunscoil* a deirtear) is féidir leo, *you know*, pé cabhair atá ag teastáil uatha a fháil.

**Mark Shinnick, Príomhoide**

Sna seascaidí bhí go leor *tenement buildings* sa cheantar agus ní raibh na páistí ag dul ar scoil agus sin an fáth gur bunaíodh an réamhscoil seo. Tá sí saor in aisce agus sin an fáth go bhfuil an iomarca tuismitheoirí ag iarraidh a bpáiste (*pháiste* a deirtear)...cead a thabhairt isteach sa scoil seo.

**Irene Ní Nualláin**

Cé nach bhfuil aon phleananna ag an Roinn Oideachais a léitheid de scoil a oscailt in aon áit eile sa tír faoi láthair, tugann an réamhscolaíocht seo tús an-tábhachtach do ghasúir ón gceantar, dar leis an bpríomhoide, agus spreagann sé spéis san oideachas iontu. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[09 02b 1.mp3](#)

**Bileog 9.2b**

**Foinse:** *Gaschaint – Frásaí Gaeilge ... ó cheann ceann an lae*

**Dáta Foilsithe:** Foras na Gaeilge 2005

**Intreoir:** Trí mhír sna canúintí éagsúla faoin pháiste agus an scoil.

**Mír 1 - Canúint an Iarthair (CC)**

Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannach fós.

Ceannóidh muid inniu é.

Ceannóidh muid amárach é.

Ba mhaith liom labhairt leat faoi Mháire.

An bhféadfainn coinne a dhéanamh leat?

Tá inní orm faoi Shéamas.

Tá inní orm faoi Bhríd.

Tá inní orm faoi m'iníon

Tá inní orm faoi mo mhac.

An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Caitriona leis an léitheoireacht?

An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?

An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaeilge?

Cén chaoi a bhfuil ag éirí ag Laoiseach sa Mata?

Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Cormac sa nGaeilge?

Cén uair a bheidh an veidhlín ar siúl?

Cén uair a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?

An bhfuil an naíonra oscailte inniu?

Go raibh míle maith agat as an gcúnamh ar fad.

Go raibh míle maith agat as an gcúnamh uilig.

[09 02b 2.mp3](#)

**Mír 2 - Canúint Uladh (CU)**

Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannacht go fóill.

Ceannóidh muid amárach í.

Ba mhaith liom labhairt leat fá Mháire.

An dtig liom coinne a dhéanamh leat?

Tá mé buartha fá mo mhac.

Tá mé buartha fá Shéamas.

Tá mé buartha fá m'iníon.

Tá mé buartha fá Bhríd.

An síleann tú go bhfuil fadhb ag Caitriona leis an léitheoireacht?

An síleann tú go bhfuil fadhb ag Ciarán leis an Mhata?

An síleann tú go bhfuil fadhb ag Eibhlín leis an Ghaeilge?

Cad é mar atá ag éirí le Laoiseach leis an Mhata?

Cad é mar atá ag éirí le Cormac leis an Ghaeilge?

Cén t-am a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?

An bhfuil an naíonra foscailte inniu?

Go raibh míle maith agat as do chuidiú uilig.

[09\\_02b\\_3.mp3](#)

**Mír 3 - Canúint na Mumhan (CM)**

Ní bhfuairamar seans an leabhar a cheannach fós.

Ceannóimid inniu é.

Ceannóimid amárach é.

Ba mhaith liom labhairt leat mar gheall ar Mháire.

An féidir liom coinne a dhéanamh leat?

Táim inníoch faoi mo mhac.

Táim inníoch faoi Shéamas.

Táim buartha faoi m'iníon.

Táim buartha faoi Bhríd.

An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Caitriona leis an léitheoireacht?

An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?

An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaolainn?

Conas atá ag éirí le Laoiseach sa Mhata?

Conas atá ag éirí le Cormac sa Ghaolainn?

Cathain a bheidh na ranganna veidhlín ar siúl?

An bhfuil an naíonra oscailte inniu?

Go raibh míle maith agat as an gcabhair ar fad.



OÉ Mhá Nuad